AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION

An Coimisiúin um Achomhairc Chánach

Ráiteas Straitéise

2017-2020

## Clár ábhair


**Réamhrá** .... 2

**An rud a dhéanaimid** .... 3

- **Ár Misean** .... 3
- **Ár gcuid Oibre** .... 3
- **Ár bhFís** .... 3
- **Ár Luachanna** .... 4

**Tosaíocht Straitéiseach 1 – Achomhairc Chánach a Phróiseáil** .... 5

**Tosaíocht Straitéiseach 2 – Cumas Eagrúcháin** .... 8

**Tosaíocht Straitéiseach 3 – Cuntasacht Phoiblí agus Trédhearcacht** .... 12

**Dul Chun Cinn a Thomhas** .... 14

**Príomhrioscaí Straitéiseacha** .... 14

**Ár Rialachas** .... 15

**Réamhrá**

Tá áthas orainn an ráiteas straitéise seo a chur i láthair maidir leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, a chlúdaíonn an tréimhse trí bliana idir 2017 agus 2020. Leis an straitéis seo, tá sé i gceist treochlár a chur ar fáil d'fhorbairt an Choimisiúin sna blianta amach romhainn, a rachaidh chun tairbhe do cháiníocóirí, dár bpáirtithe leasmhara agus dár bhfoireann.

Bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC), a tháinig in ionad Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc (OCA), an 21 Márta 2016 de réir fhorálacha an Achta Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún, a bhfuil sé de chúram air próiseas achomhairc nua-aimseartha agus éifeachtúil a sholáthar maidir le hachomhairc chánach a éisteacht agus a bhreithniú. Bhí 425 achomharc idir lámha ag an OCA ag tús na bliana 2016, agus ghlac an TAC sciar suntasach díobh ar láimh nuair a thosaigh siad. Ina theannta sin, d'aistrigh na Coimisinéirí Ioncaim líon mór achomhairc leagáide chuig an TAC i mí Lúnasa, Deireadh Fómhair agus Nollaig 2016 agus i Márta 2017. Bhí go leor dúshlán ag an TAC leis an ualach suntasach cásanna seo chomh maith leis an ngnáth-thréchur d'achomhairc nua ó thaobh foinsiú foirne, cóiríochta agus bainistíochta de. Sa chomhthéacs sin, is ag am tábhachtach don Choimisiún atá an t-athbhreithniú straitéise seo á dhéanamh. Thug sé deis dúinn agus dár bhfoireann machnamh a dhéanamh ar an méid a dhéanaimid go maith, breithniú a dhéanamh ar na réimsí ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh agus meastóireacht a dhéanamh ar na céimeanna is gá a ghlacadh chun ár gcuspóir a chur i gcrích próiseas nua-aimseartha, neamhspleách, neamhchlaonta agus le a chur ar fáil maidir le héisteacht agus breithniú achomhairc chánach.

Táimid tiomanta don straitéis seo a chur i bhfeidhm sna trí bliana amach romhainn, leis an bpróiseas forfheidhmithe a bhfuil plean soláthair mar bhonn leis, agus déanfaimid tuairisciú ar dhul chun cinn inár dtuarascáil bhliantúil agus trínár láithreán gréasáin, www.taxappeals.ie.



**MARK O' MAHONY**
**Coimisinéir Achomhairc**



**LORNA GALLAGHER**
**Coimisinéir Achomhairc**

## Cad é an rud a Dhéanaimid

### Ár Misean

Is é ár misean próiseas achomhairc nua-aimseartha, neamhspleách agus éifeachtúil a chur ar fáil maidir le héisteacht agus le breithniú gach achomhairc chánach.

### Ár gcuid Oibre

Comhlíonaimid ár misean trí


- Gach achomharc OCA a phróiseáil a bhí ar láimh roimh thosach feidhme an TAC an 21 Márta 2016, a aistríodh chugainn ón OCA agus a dtugaimid achomhairc "idirthréimhseacha" orthu
- Gach achomharc leagáide a phróiseáil
- Gach iarratas réamhthosaithe ar chásanna sonraithe chun na hArd-Chúirte a phróiseáil, maidir le cinntí OCA roimhe seo
- Gach achomharc a phróiseáil a fuair an TAC ó cuireadh tús leis an 21 Márta 2016. Áirítear leis sin, *inter alia*, éisteachtaí cásanna, réamhéisteachtaí agus comhdhálacha bainistíochta cásanna
- Tuairisciú ar thorthaí cásanna trí chinntí a fhoilsiú
- Úsáid a bhaint as ár mbuiséad vótáilte ar bhealach éifeachtach chun ár seirbhísí a sholáthar
- Líon oiriúnach baill foirne oilte agus cháilithe a fhostú de réir ár mbuiséid vótáilte.

### Ár bhFís

Tá sé mar aidhm againn seirbhís eiseamláireach a sheachadadh maidir le próiseáil agus breithniú achomhairc chánach, trí phróiseas achomhairc éifeachtúil inrochtana a sholáthar as a dtiocfaidh corpas cinntí atá iontaofa ó thaobh an dlí de a chabhróidh le réimsí ábhartha dlí cánachais agus reachtaíochta a shoiléiriú.

## Ár Luachanna

Is iad seo a leanas na luachanna atá mar bhonn lenár gcuid oibre:



## Tosaíocht Straitéiseach 1 – Achomhairc Chánach a Phróiseáil

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Achomhairc Chánach, a bhfuil sé de chúram air próiseas achomhairc nua-aimseartha agus éifeachtúil a sholáthar maidir le hachomhairc chánach a éisteacht agus a bhreithniú.

Tá ár gcuid oibre bunaithe ar roinnt prionsabail thábhachtacha:

- Achomhairc a bhreithniú ar bhealach cóir, neamhchlaonta agus gasta;
- A chinntiú go mbeidh rochtain éasca ar an bpróiseas achomhairc chánach ag gach cáiníocóir; agus
- Seachadadh agus foilsiú cinntí ardchaighdeáin, atá iontaofa ó thaobh an dlí de

Is iad seo ár bpríomhchuspóirí agus ár spriocanna insoláthartha faoin tosaíocht seo:

| **Cuspóir 1.1** | **gach achomharc leagáide a phróiseáil agus a bhreithniú faoi dheireadh 2020** | |
|---|---|---|
| **Comhthéacs** | Earcaíodh an tríú Coimisinéir ar chonradh sealadach agus sannadh é do chásanna leagáide, d'fhonn gach cás idir lámha a ghlanadh. Tá athstruchtúrú déanta ar an eagraíocht freisin chun tacaíocht a chinntiú don Choimisinéir sealadach chun an obair oidhreachta a chur i gcrích ar bhealach gasta. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn aschur cásanna leagáide gach sé seachtaine agus cé acu atá acmhainní breise ag teastáil chun an cuspóir a chomhlíonadh. Áireofar leis sin breithniú ar chastacht cásanna | ▪ Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn in aschur cásanna chun a chinntiú go gcomhlíontar an cuspóir |

| **Cuspóir 1.2** | **Éifeachtúlacht i gcásanna agus líon na gcinntí a mhéadú gach bliain** | |
|---|---|---|
| **Comhthéacs** | D'ainneoin gur féidir le moill a bheith ar achomhairc chánach mar gheall ar thosca éagsúla (m.sh. moilleanna aighneacht faisnéise, atráthuithe ar iarraidh ó pháirtí amháin nó ó cheachtar páirtí in achomharc, iarratais idirbhreitheacha), tá sé ar intinn ag an TAC éifeachtúlacht agus cáilíocht uasta a chinntiú maidir leis an gcaoi a n-oibríonn sé agus a mbreithníonn sé ar chásanna. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| | ▪ Córas gairmiúil, oiriúnach don chuspóir agus lánfheidhmiúil bainistithe cásanna a chur i bhfeidhm<br><br>▪ Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil údarás tarmligthe chun a chinntiú go bpléitear le haon ábhair neamh-shubstainteacha ag leibhéal cuí (m.sh. dátaí éisteachta)<br><br>▪ 2-3 ball foirne breise ar a laghad a fháil, a bhfuil saineolas cánach acu<br><br>▪ A chinntiú go bhfuil dóthain seomraí éisteachta ar fáil i gcónaí, trí 3 sheomra neamhspleácha ar an láthair nó trí úsáid a bhaint as cóiríocht sheachtrach | ▪ Oifig gan pháipéar a thabhairt isteach trí ríomh-tharchur agus stóráil ar gach cáschomhad /doiciméad<br><br>▪ Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht agus ar an indéantacht go mbeadh níos mó éisteachtaí ann trí fhíschomhdháil<br><br>▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí cásanna gach 6 mhí d'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní i bhfeidhm chun tacú le cur i gcrích an chuspóra |

| **Cuspóir 1.3** | **a chinntiú go dtugtar deis chomhionann do gach cáiníocóir teacht os comhair an TAC** | |
|---|---|---|
| **Comhthéacs** | Tá iliomad achomharcóirí cánach ann ó chuideachtaí móra ilnáisiúnta a bhfuil acmhainní suntasacha acu go daoine aonair a roghnóidh ionadaíocht a dhéanamh dóibh féin ag achomharc. Féachann ár gcur chuige maidir le hachomhairc a phróiseáil agus a bhreithniú le neamhchlaontacht agus trédhearcacht a chinntiú, agus ionchuimsitheacht freisin. Príomhchuspóir de chuid an TAC is ea comhionannas rochtana agus deiseanna a thabhairt do gach achomharcóir. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| | ▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin chun a chinntiú go gcuireann sé faisnéis chuimsitheach ar fáil maidir leis an bpróiseas achomhairc chánach.<br><br>▪ Freagairt go pras do gach ceist, trí litir, ríomhphost nó fón maidir leis an bpróiseas achomhairc (de réir na ngealltanas inár gcairt do chustaiméirí*) | ▪ Féachtar lena chinntiú go scríobhtar cinntí foilsithe ar bhealach soiléir inrochtana a mhéid agus is féidir ag cur san áireamh na gcastachtaí dlíthiúla a bhaineann le cásanna cánach.<br><br>▪ Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara agus aiseolas a iarraidh maidir leis an bpróiseas achomhairc chánach. |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 1.4** | **seachadadh seirbhís próiseála achomhairc ardchaighdeáin a chinntiú do gach páirtí i ngach achomharc** | |
| **Comhthéacs** | Tá neamhchlaontacht, trédhearcacht agus ionchuimsitheacht i gceist lenár gcur chuige maidir le hachomhairc a phróiseáil agus a bhreithniú. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ Tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí i Ráithe 4 2017, chun aiseolas agus faisnéis a bhailiú i leith cleachtas achomhairc inmhianaithe, amach anseo<br><br>▪ Plean Gníomhaíochta trí bliana do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm | ▪ Córas achomhairc iomlán ar líne a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh sé chomh simplí agus is féidir achomharc a thaisceadh (lena n-áirítear doiciméid a chur isteach) agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn<br><br>▪ Scrúdú a dhéanamh ar théamaí in aiseolas trí Cheisteanna Parlaiminte agus aighneachtaí/ceisteanna a fhaightear ó bhaill an Oireachtais |

| | | |
|---|---|---|
| | | ▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gCairt gach bliain, lena n-áirítear ár seachadadh i gcoinne gealltanas |

**Toradh Inmhianaithe**

Próiseas achomhairc chánach eiseamláireach a bhfuil ardmheas air, atá neamhspleách, neamhchlaonta agus gasta agus a thugann corpas de chinntí atá iontaofa ó thaobh an dlí de a chabhraíonn le soiléiriú réimsí ábhartha dlí cánachais agus reachtaíochta

*Áirítear le *"Custaiméirí" an TAC iad siúd a bhaineann leas as ár bpróiseas achomhairc chánach, cibé acu mar achomharcóirí, achomharcóirí ionchasacha nó a n-ionadaithe sin; mar aon le páirtithe leasmhara eile agus iad siúd a úsáideann faisnéis a ghineann an TAC, le linn a chuid oibre.

**Tosaíocht Straitéiseach 2 – Cumas Eagrúcháin**

Le go mbeidh ar chumas an TAC a straitéis a chur i gcrích, beidh gá le príomhbhearta a chur i bhfeidhm i réimse na hacmhainne eagrúcháin – go háirithe i gcomhthéacs an TAC mar chomhlacht poiblí beag agus cuíchóirithe. Tá tábhacht ar leith ag baint lenár bhfoireann.

Beidh ár ngníomhartha sa réimse seo faoi threoir roinnt prionsabal:

- A bheith inár n-eagraíocht sholúbtha, inoiriúnaithe atá in ann freastal ar éilimh
- Foireann sholúbtha, dea-oilte bheith againn i gcónaí
- Córais ardchaighdeáin, oiriúnaitheacha a bheith agat chun freastal ar riachtanais oibriúcháin
- Socruithe seirbhíse comhroinnte a chomhaontú agus tairbhe a bhaint astu le comhlachtaí poiblí eile, nuair is cuí
- A chinntiú go bhfuil socruithe dea-rialachais i bhfeidhm agus go gcloítear leo

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 2.1** | **a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach foirne dea-oilte agus solúbtha againn i gcónaí chun ár dtosaíochtaí a chur i gcrích** | |
| **Comhthéacs** | Mar eagraíocht bheag a bhfuil misean tábhachtach aici, tá an TAC ag brath go mór ar a fhoireann, go háirithe maidir le cásanna a riar. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ 2-3 speisialtóirí cánach ar a laghad a earcú<br><br>▪ Foireann riaracháin bhreise a earcú<br><br>▪ Lámhleabhar Foirne a fhorbairt, a chuimsíonn gach príomhbheartas agus nós imeachta acmhainní daonna i ndoiciméad inrochtana amháin<br><br>▪ Plean comharbais a fhorbairt do gach post laistigh den TAC ina gcuirfear pleanáil teagmhais i leith na gCoimisinéirí san | ▪ A choinneáil faoi athbhreithniú ár riachtanais soláthair foirne agus teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Airgeadais maidir le cásanna gnó ina bhfuil acmhainní breise ag teastáil<br><br>▪ Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht i leith socruithe iasachta / intéirneachta atá chun tairbhe gach páirtí idir an TAC, an Roinn Airgeadais agus Ranna eile<br><br>▪ A chinntiú go mbíonn deiseanna aistrithe fadtéarmacha ag an bhfoireann sa státseirbhís i gcoitinne |

| | | |
|---|---|---|
| | áireamh<br><br>▪ A chinntiú go bhfuil oifigeach idirchaidrimh AD le taithí in áit mar phointe teagmhála do gach ball foirne<br><br>▪ Clár cuimsitheach ionduchtaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach ball foirne nua<br><br>▪ Bainistíocht feidhmíochta, plean gairme agus socruithe oiliúna a chur i bhfeidhm do gach ball foirne.<br><br>• Clár oiliúna a chur in ait agus a chur i bhfeidhm do gach ball foirne, i bpríomhréimsí amhail rialacháin airgeadais, cosaint sonraí, córais, srl | ▪ Neamhspleáchas a bhaint amach don TAC maidir le comórtais inmheánacha a reáchtáil d'ardú céime<br><br>▪ Dea-chumarsáid a chinntiú laistigh den eagraíocht agus dul i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le gach príomhchinneadh eagraíochtúil |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 2.2** | **a chinntiú go bhfuil spás oifige leordhóthanach agus cuí againn chun ár dtosaíochtaí a chur i gcrích** | |
| **Comhthéacs** | Tá srian ar an TAC faoi láthair maidir lena spás oifige agus níl ach seomra éisteachta amháin ar fáil aige. Cuireann sé sin as dá chumas an fhoireann riachtanach a earcú agus éisteachtaí achomhairc a dhéanamh chomh gasta agus is féidir. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ Oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun bogadh chuig spás oifige níos oiriúnaí a shocrú, a chuirfidh 3 sheomra éisteachta agus níos mó spáis ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear spás chun baill foirne nua a earcú | ▪ Ár gcóiríocht oifige agus riachtanais foirne a choinneáil faoi athbhreithniú |

| | | |
|---|---|---|
| | ▪ Socruithe sealadacha malartacha le haghaidh éisteachtaí a aithint agus a úsáid roimh athlonnú go háitreabh nua. | |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 2.3** | **a chinntiú go bhfuil caidreamh láidir, cuntasach againn le príomhpháirtithe leasmhara** | |
| **Comhthéacs** | Tá an TAC ag brath faoi láthair ar pháirtithe leasmhara tríú páirtí chun acmhainní agus seirbhísí a sholáthar. Tá sé ríthábhachtach soiléireacht an chaidrimh sin a chinntiú, lena n-áirítear ionchais, spriocanna insoláthartha agus cuntasacht. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gComhaontú Seirbhíse (CS) leis na Coimisinéirí Ioncaim<br><br>▪ Meabhrán Tuisceana (MT) a chomhaontú leis an Roinn Airgeadais | ▪ Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar ár MT leis an Roinn Airgeadais ar a laghad uair amháin gach bliain<br><br>▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna maidir le socruithe fadtéarmacha seirbhís chomhroinnte, i réimsí amhail párolla, acmhainní daonna agus bainistíocht airgeadais |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 2.4** | **a chinntiú go bhfuil ár socruithe rialachais de réir an dea-chleachtais** | |
| **Comhthéacs** | Ceanglaítear ar an TAC, mar chomhlacht poiblí, socruithe dea-rialachais a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ Creat Rialachais nuashonraithe a fhorbairt agus a fhoilsiú de réir na gceanglas faoin gCaighdeán Rialachais | ▪ Ár socruithe rialachais a choinneáil faoi athbhreithniú<br><br>▪ A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go tráthúil, gach |

| | | |
|---|---|---|
| | Chorparáidigh don Státseirbhís (2015)<br><br>▪ Coiste Iniúchta & Riosca a bhunú le ballraíocht sheachtrach tromlaigh<br><br>▪ Seirbhísí soláthraí seirbhíse seachtrach a fháil chun Seirbhísí Iniúchadh Inmheánach a thabhairt agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchta & Riosca<br><br>▪ A chinntiú gurb é an TAC atá sa riocht is fearr chun déileáil le riachtanais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) | moladh a thagann ón iniúchóir inmheánach agus ón iniúchóir seachtrach (Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste) |

**Torthaí Inmhianaithe**

- Eagraíocht oiriúnach dhea-acmhainnithe, a mbíonn an líon riachtanach foirne aici i gcónaí leis na tacair scileanna riachtanacha chun a chinntiú go soláthrófar córas achomhairc chánach atá cothrom, inrochtana agus éifeachtúil
- Spás oifige oiriúnach, a thacaíonn le baill foirne agus le héisteachtaí tráthúla cásanna
- Eagraíocht a bhfuil córais agus rialachas ardchaighdeáin agus éifeachtacha aici

**Tosaíocht Straitéiseach 3 – Cuntasacht Phoiblí agus Trédhearcacht**

Tá muinín an phobail i gcóras cánachais an Stáit fíorthábhachtach agus is réamhriachtanas éigeantach é próiseas achomhairc a chur i bhfeidhm atá cothrom, inrochtana agus a mbíonn meas air. Tá an TAC, mar chomhlacht poiblí, cuntasach maidir le bainistiú a bhuiséid, a chórais agus a oibríochtaí.

Beidh ár ngníomhartha sa réimse seo faoi threoir roinnt prionsabal:

- A bheith iomlán trédhearcach maidir leis an gcaoi a n-oibrímid agus a n-úsáidimid acmhainní poiblí
- Corpas cinntí atá iontaofa ó thaobh an dlí de a chruthú a éascóidh soiléiriú ar réimsí ábhartha dlí cánachais agus reachtaíochta

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 3.1** | **cinntí a chur ar fáil dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal, a chinnteoidh go mbíonn torthaí na n-achomharc cánach inrochtana agus trédhearcach** | |
| **Comhthéacs** | Soláthraíonn foilsiú cinntí TAC corpas inrochtana cinntí atá iontaofa ó thaobh an dlí de ar mhaithe le cáiníocóirí, cleachtóirí cánach, na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Aire Airgeadais | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ Feabhas a chur ar ár mbunachar sonraí cinntí ar líne chun a chinntiú go mbíonn áis chuardaigh ann atá éasca le húsáid. Chuige sin bainfear leas as lánacmhainneacht CMS nua | ▪ miondealú mionsonraithe a sholáthar ar chinntí de réir cineálacha cánach agus luachanna airgeadais inár dtuarascáil bhliantúil ina bhfaighfear rannóg 'athbhreithniú na bliana'. |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir 3.2** | **a bheith iomlán trédhearcach agus cuntasach maidir leis an gcaoi a n-oibrímid agus a n-úsáidimid acmhainní poiblí** | |
| **Comhthéacs** | Tá sé de dhualgas ar an TAC a bheith trédhearcach agus cuntasach as an gcaoi a n-oibríonn sé agus a úsáideann sé acmhainní poiblí, ní hamháin chun muinín a chothú i gcáiníocóirí agus i bpáirtithe leasmhara, ach sa phobal i gcoitinne freisin. | |
| **Gníomh** | In 2017-18 | Le linn na tréimhse go 2020 |
| | ▪ Feabhas a chur ar ár dtuarascáil bhliantúil, chun faisnéis níos mó | ▪ Tuarascáil bhliantúil ar ardchaighdeán a fhoilsiú gach bliain |

| | | |
|---|---|---|
| | agus níos úsáidí a chur isteach inti ar an méid a dhéanaimid agus conas a dhéanaimid é<br><br>▪ Athbhreithniú a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin chun a chinntiú go bhfuil sé chomh hinrochtana, chomh so-úsáidte agus chomh cuimsitheach agus is féidir | ▪ Freagra a thabhairt ar gach iarratas ar fhaisnéis chorparáideach (m.sh. SF, Ceisteanna Parlaiminte) go hiomlán agus laistigh de thréimhsí ama riachtanacha<br><br>▪ Tuairisciú ar an dul chun cinn maidir lenár Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm<br><br>▪ Teacht os comhair Coistí Oireachtais, nuair a iarrtar amhlaidh a dhéanamh<br><br>▪ Iniúchadh a dhéanamh ar ár gcumas tacú leis an tionscnamh Sonraí Oscailte |

**Torthaí Inmhianaithe**

- Sonraí agus faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar maidir lenár gcóras cánachais agus aon saincheisteanna sistéamacha atá ag teacht chun cinn.
- Comhlacht poiblí trédhearcach agus cuntasach a bhfuil ardmheas air,

## Dul Chun Cinn a Thomhas

Tacófar le cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise seo trí phleanáil forfheidhmithe, lena n-áirítear amlínte agus úinéirí a shannadh do gach tasc. Déanfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta (SMT) maoirseacht ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm ina mbeidh an bheirt Choimisinéirí, an Ceann Riaracháin agus an Príomhoifigeach Cúnta. Is ar an gCeann Riaracháin, a thuairisceoidh ar dhul chun cinn chuig an SMT, a bheidh an fhreagracht as cur i bhfeidhm ó lá go lá.

Déanfar dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm a thuairisciú i dTuarascáil Bhliantúil TAC ó 2018 ar aghaidh agus ar ár láithreán gréasáin.

## Príomhrioscaí Straitéiseacha

Tá roinnt príomhrioscaí straitéiseacha ann, a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar ár gcumas ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach. Ina measc sin tá:

- **Cóiríocht**: loiceadh spás oifige cuí a fháil sa ghearrthéarma go meántéarma
- **Foireann**: loiceadh an buiséad a fháil d'acmhainní foirne breise agus riachtanacha (a mbíonn mórthionchar aige in eagraíocht bheag); agus loiceadh baill foirne den mhianach riachtanach a mhealladh agus a choinneáil
- **Muinín an Phobail agus na bPáirtithe Leasmhara**: caillteanas muiníne ó phríomhpháirtithe leasmhara agus/nó ón bpobal
- **Córas TF/Slándáil Sonraí**: sárú ar ár gcórais, lena n-áirítear sonraí pearsanta
- **Córais**: loiceadh an buiséad a fháil do chórais bhreise agus riachtanacha chun tacú lenár gcuid oibre
- **Spleáchas Tríú Páirtí**: tá an TAC ag brath ar eagraíochtaí eile faoi láthair chun tacú lena chuid oibre, amhail Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe (buiséad/acmhainní ginearálta); agus Oifig na nOibreacha Poiblí (cóiríocht oifige). Má bhíonn cliseadh i gcaidreamh, nó mura dtugtar an tacaíocht atá riachtanach don TAC, d'fhéadfadh sé cur isteach ar ár gcumas feidhmiú go héifeachtach.

## Ár Rialachas

Is comhlacht corpraithe neamhspleách, reachtúil é an Coimisiún um Achomhairc Chánach ("TAC"), a bunaíodh an 21 Márta, 2016, a bhfuil sé de chúram air próiseas achomhairc nua-aimseartha agus éifeachtúil a sholáthar i ndáil le díospóidí cánach a éisteacht agus a bhreithniú, de réir fhorálacha na reachtaíochta iomchuí, den chuid is mó den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015 ("Acht 2015").

Ceapann an tAire Airgeadais na Coimisinéirí Achomhairc ar feadh téarma oifige seacht mbliana. Tá siad freagrach don Aire Airgeadais agus, tríd an Aire, don Oireachtas, maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna. Tá beirt Choimisinéirí Achomhairc ag an TAC faoi láthair, gach duine acu ceaptha ar feadh téarma seacht mbliana, agus Coimisinéir Achomhairc sealadach amháin, a ceapadh i leith na gcásanna leagáide.

Tá ról Oifigeach Cuntasaíochta an TAC roinnte, ar uainíocht, idir an bheirt Choimisinéirí bhuana. Tá freagracht fhoriomlán ar na Coimisinéirí as oibríochtaí an TAC agus tugann siad faoi fheidhmeanna áirithe, le freagracht ó lá go lá as an gCoimisiún a tharmligean chuig an gCeann Riaracháin a bhainistiú, a thuairiscíonn do na Coimisinéirí – féach an *Creat Rialachais* chun tuilleadh eolais a fháil.

Is iad Foireann Ardbhainistíochta (SMT) na heagraíochta an bheirt Choimisinéirí, in éineacht leis an gCeann Riaracháin agus leis an bPríomhoifigeach Cúnta.

Tá an TAC i mbun Coiste Iniúchta agus Riosca a bhunú, lena n-áireofar comhaltaí seachtracha a thuairisceoidh agus a thabharfaidh dearbhú do na Coimisinéirí maidir le rialacháin agus rioscaí inmheánacha. Déanfaidh an Coiste maoirseacht ar obair na nIniúchóirí Inmheánacha, atá idir lámha ag Crowleys DFK faoi láthair ar bhonn conartha. Tá an TAC faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin.

Feidhmíonn an TAC de réir an *Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís* (2015) agus tá Creat Rialachais forbartha agus foilsithe aige ar a láithreán gréasáin.

Seo a leanas an struchtúr eagrúcháin reatha:

